Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Ciste Rialtais Áitiúil

Cuntas 2018

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

tithiocht.gov.ie

Clár Ábhar **Leathanach**

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais…… 1-2

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta…….. 3-4

Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas…… 5

Ráiteas ar an Staid Airgeadais……. 6

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid…….. 7

Nótaí leis an gCuntas……. 8-14

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste…… 15-16

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht maidir le Córas um Rialú Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn. Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras um rialú airgeadais inmheánach ach amháin ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéantar iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú airgeadais inmheánach a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, agus le tuairiscithe agus iniúchadh inmheánach a bhainistiú:

An Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar an lucht bainistíochta lena ngabhann cuntasacht chomhfhreagrach
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal i gcás gur sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais;
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú airgeadais inmheánach.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Roinn
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Rioscaí suntasacha airgeadais

Leanann an Roinn le haird a thabhairt ar rioscaí suntasacha airgeadais agus rioscaí gaolmhara gnó eile i ndáil leis an gciste trí Chlár Rioscaí na Roinne. Níl rioscaí suntasacha airgeadais ná rioscaí gaolmhara gnó eile ann i ndáil leis an gciste ar Chlár Rioscaí na Roinne. Doiciméad beo is ea an Clár agus tugtar cothrom chun dáta é chun rioscaí nua a shainaithnítear nó athruithe ar na rioscaí atá ann cheana a chur san áireamh.

Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear bonn eolais faoi obair na feidhme sin le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú.

Sínithe _____ **Dáta** 28/6/19

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil (LGF) leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999. Íocann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim fáltais na Cánach Maoine Áitiúla (LPT) go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

Tá an LGF comhdhéanta de chuntas bainc reatha agus de chuntas infheistíochta arna mbainistiú agus arna rialú ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Déanann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an LGF a bhainistiú agus déantar na costais riaracháin a ghabhann leis a ghearradh ar Vóta 34.

Ullmhaíodh na cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 san fhoirm agus ar an modh atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhraithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

2. Beartas Maoinithe

Maoinítear an LGF go mór trí fháltais LPT a thaisceann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim sa Chuntas Infheistíochta. Íoctar suimeanna iníoctha ón LGF amach as an gcuntas bainc thráchtála. Aistrítear na suimeanna chuig cuntas bainc na suimeanna iníoctha ón gcuntas infheistíochta sula ndéantar na híocaíochtaí a íoc leis na híocaithe ábhartha.

3. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- Íocann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) go díreach isteach sa chuntas infheistíochta. Is ionann an tsuim a aithnítear sa bhliain agus an tsuim a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim i mbliain an chuntais.
- aithnítear maoiniú státchiste ó Vóta 34, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar bhonn fáltais airgid.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

4. Caiteachas

Déantar caiteachas as an gCiste i gcomhréir le halt 6 den Acht Rialtais Áitiúil 1998 agus leasuithe ina dhiaidh sin ar an Acht mar a léirítear thíos:

- caiteachas a cheadaíonn an tAire
- leithdháiltí LPT a mheastar a bheidh dlite do na húdaráis áitiúla in 2018

5. Athruithe ar na Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta 2018 maidir le LGF achoimrithe i bpointí 1 go 4 lastall. Léirítear athrú suntasach leis na beartais chuntasaíochta sin, áfach, in oibriú an LGF ó 2017 i leith. Tá breac-chuntas déanta ar na hathruithe sin thíos:

- Íocann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim LPT go díreach leis an LGF anois seachas é a chur tríd an Státchiste
- Ní íoctar fáltais as mótarcháin isteach sa LGF a thuilleadh. Ina áit sin, íoctar iad isteach sa Státchiste tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Ní dhéantar íocaíochtaí le hUisce Éireann a thuilleadh as an LGF maidir le fóirdheontais agus íocaíochtaí do na húdaráis áitiúla le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce agus aisghabháil iasachtaí caipitil sheirbhísí uisce na n-údarás áitiúil (íoctar anois iad ó Vóta 34 – an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil)
- Ní dhéantar íocaíochtaí a thuilleadh leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus bonneagar iompair phoiblí eile a mhaoiniú as an LGF. Ina ionad sin, maoinítear iad go díreach tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 31)
- Ní raibh ceanglas ar bith ar an LGF íocaíocht Státchiste a dhéanamh in 2018.

Leasaíodh an tAcht Rialtas Áitiúil 1998 le Cuid 8 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017 chun éifeacht a thabhairt do na hathruithe sin.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Ioncam			
Cáin Mhaoine Áitiúil	1	482,450,215	476,525,000
Maoiniú Státchiste (Vóta 34, Fotheideal C.3)	2	124,800,000	365,300,000
Aisíocaíocht LANPAG	3	25,811	-
Ioncam ó Mhótarcháin		-	1,019,909,033
Ioncam Iomlán		**607,276,026**	**1,861,734,033**
Caiteachas			
Údaráis Áitiúla			
Íocaíochtaí Cánach Maoine Áitiúil	4	504,836,056	500,767,650
Pá agus Pinsin	5	59,600,000	20,343,015
Bonneagar Uisce	6	46,812,124	46,566,814
Athbhreithniú Teorann an Rialtais Áitiúil	7	1,277,160	27,171
Éire Chruthaitheach	8	999,724	999,855
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála	9	566,198	610,765
Tacaíochtaí Imeachtaí Idirnáisiúnta	10	200,000	-
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	11	70,458	63,530
Seirbhísí Uisce		-	17,983,724
Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla i leith Seirbhísí Uisce		-	16,518,243
Costais Ghlantacháin mar gheall ar Dhrochaimsir (Tuile)		-	9,002,166
Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí		-	1,469,942
Bearta um Chuimsiú Sóisialta		-	513,768
Tionscnaimh um Fhorbairt Eacnamaíoch		-	300,000
		614,361,720	615,166,643
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil			
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	12	3,067,274	2,191,634
Riaradh an Mhuirir Theaghlaigh	13	77,381	104,381
Gréasán na nOifigeach Rochtana	14	5,000	5,000
		3,149,655	2,301,015
Eile			
Coiste na Réigiún (Aonad Gnóthaí AE)	15	256,090	229,008
Míreanna ilghnéitheacha	16	478,740	425,562
Fóirdheontas Uisce Éireann		-	638,730,000
Státchiste		-	230,000,000
		734,830	869,384,570
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt			
Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí		-	333,000,000
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí		-	12,500,000
		-	345,500,000
Caiteachas Iomlán		**618,246,205**	**1,832,352,228**
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		**(10,970,179)**	**29,381,805**

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 3 & 4 agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Sínithe _____

John McCarthy
Secretary General

Dáta 28/6/19

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Sócmhainní Airgeadais			
An Cuntas Infheistíochta		84,838,174	77,698,903
Sócmhainní Reatha			
Banc		-	2,294,130
Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite	17	104,137	12,179,000
Mótarcháin atá dlite		-	4,043,586
		84,942,311	**96,215,619**
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe Éagsúla	18	770,123	1,073,252
Glan-Sócmhainní		**84,172,188**	**95,142,367**
Léirithe ag			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		95,142,367	65,760,562
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		(10,970,179)	29,381,805
Cúlchistí amhail an 31 Nollaig		**84,172,188**	**95,142,367**

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 3 & 4 agus na Nótaí 1 go dtí 18

.

Sínithe _____ **Dáta** 28/6/19

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig 2018

	2018 €	2017 €
Réiteach ar bharrachas/ (easnamh) chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	(10,970,179)	29,381,805
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	16,118,449	5,370,874
(Laghdú)/Méadú i gCreidiúnaithe	(303,129)	(3,461,794)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**4,845,141**	**31,290,885**
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	4,845,141	31,290,885
Méadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim	**4,845,141**	**31,290,885**

Réiteach ar an nglan-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí

Athruithe ar Ghlanchistí de bharr Sreabhadh Airgid

Glanchistí ag tús na Bliana	79,993,033	48,702,148
Glanchistí ag deireadh na Bliana	84,838,174	79,993,033
Méadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim sa Bhliain	**4,845,141**	**31,290,885**

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 3 & 4 agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Sínithe _____ **Dáta** 28/6/19

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

Nótaí leis an gCuntas

1. Cáin Mhaoine Áitiúil

Tháinig athrú in 2018 ar an modh lena n-íoctar an Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) isteach sa Chiste faoi mar atá léirithe sa ráiteas ar bheartais chuntasaíochta. Faightear LPT i gcomhréir le hAlt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú le hAlt 54 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017), agus i ngach bliain airgeadais ag tosú leis an mbliain 2018, íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an LPT isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear ús nó pionóis ar bith ann) a gheobhaidh siad le linn na bliana sin.

2. Maoiniú Státchiste (Vóta 34, Fotheideal C.3)

Léiríonn an figiúr seo an t-airgead a chuir an tOireachtas ar fáil de réir Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag Alt 17 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Cinneann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an tsuim gach bliain, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Aisíocaíocht LANPAG

Bhunaigh lucht bainistíochta agus ceardchumainn na n-údarás áitiúil i gcomhar le chéile Grúpa Náisiúnta Comhairleach Comhpháirtíochta na nÚdarás Áitiúil (LANPAG) in 1999, faoi théarmaí an chomhaontaithe náisiúnta comhpháirtíochta – Comhpháirtíocht 2000 Chomhordaigh sé cur chun feidhme na gclár agus na dtionscnamh comhpháirtíochta a ceapadh chun comhpháirtíocht a chur chun cinn mar an sásra roghnaithe le haghaidh réiteach díospóidí agus cur chun feidhme an chláir oibre maidir le hathrú agus cur chun feidhme i ngach údarás áitiúil agus thacaigh sé leo sin. D'aistrigh LANPAG go dtí an Grúpa Monatóireachta Faisnéise agus Comhairliúcháin na nÚdarás Áitiúil in 2016. Cuireadh maoiniú nár úsáideadh dar luach €25,811 ar ais sa LGF in 2018 i gcomhréir le comhaontú fheidhmiú LANPAG.

4. Íocaíochtaí Cánach Maoine Áitiúil

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i gcomhréir le Cinneadh an Rialtais an Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) a choinneáil go háitiúil. Bhí na leithdháiltí bunaithe ar ioncam réamh-mheasta LPT 2018 agus cuireadh san áireamh freisin na cinntí a rinne 11 chomhairle na rátaí LPT ina gceantair féin faoi seach a laghdú. Tá na léithdháiltí LPT chuig údaráis áitiúla aonair do 2018 agus tionchar gaolmhar cinntí athraithe áitiúil foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

5. Pá agus Pinsin

Léiríonn an figiúr sin íocaíochtaí le húdaráis áitiúla le cuidiú leo costais bhreise in 2018 a íoc a bhain le foirceannadh na reachtaíochta um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) agus leis an tionchar carnach maidir le Comhaontuithe Náisiúnta Pá a chur chun feidhme suas go dtí Comhaontú Cobhsaíochta na hEarnála Poiblí agus é sin san áireamh. Ba é an aidhm fhoriomlán leis an ranníocaíocht sin maolú a dhéanamh ar ualach na méaduithe ar rátaí pá le haghaidh baill foirne reatha agus athruithe ar rátaí Laghdú Pinsin na hEarnála Poiblí ó dheireadh 2015 mar iarmhairt dhíreach ar fhoirceannadh FEMPI.

6. Bonneagar Uisce

Luaitear in Alt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2014 nach bhfuil maoin seirbhísí uisce poiblí inrátaithe chun críocha an tAcht Luachála 2001. Cuireadh maoiniú €46.81 milliún ar fáil in 2018 (€46.57m in 2017) mar chúiteamh do na húdaráis áitiúla as an easnamh faoi seach ina mbuiséid mar gheall ar an bhforáil sin sa reachtaíocht.

7. Athbhreithniú Teorann an Rialtais Áitiúil[1]

Is ionann athrú teorann Chorcaí, an t-athrú is suntasaí dá chineál a rinneadh sa Stát, agus mór-atheagrú ar an rialtas áitiúil i gCorcaigh agus daonra 85,000 duine sa cheantar ábhartha ag aistriú ó Chomhairle Contae Chorcaí go dtí Comhairle Cathrach Chorcaí. Beidh éifeacht dhlíthiúil iomlán le hathrú teorann agus aistriú dhlínse an údaráis áitiúil an 31 Bealtaine 2019. Cuireadh tacaíocht ar fáil ón LGF don dá chomhairle maidir le costais foirne as a bhfoirne cur chun feidhme agus do Ghrúpa Maoirseachta Cur chun Feidhme Chorcaí le haghaidh tacaíocht riaracháin eile. Tabhaíodh caiteachas freisin i ndáil leis an nGrúpa Sainchomhairleach ar an Rialtas Áitiúil i nGaillimh.

[1] Cuireadh maoiniú ar fáil freisin d'údaráis neamháitiúla amhail an Foras Riaracháin faoin teideal seo in 2018 (féach Nóta 16).

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

8. Éire Chruthaitheach

Tionscnamh chúig bliana uile-Rialtais is ea Éire Chruthaitheach, ó 2017 go 2022, chun cruthaitheacht a chur ag croílár an bheartais phoiblí. Is clár bunaithe ar chultúr é a ceapadh chun folláine daoine aonair, folláine an phobail agus an fholláine náisiúnta a chur chun cinn. Is é an príomh-mholadh go spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, lena mbaineann impleachtaí suntasacha d'fholláine agus do bhaint amach an duine aonair agus na sochaí. Baineann cúig cholún leis an gclár:

1. An Óige Chruthaitheach - Cumas Cruthaitheach gach Páiste a Chumasú
2. Pobail Chruthaitheacha - Cruthaitheacht i nGach Pobal a Chumasú
3. Infheistíocht Chultúrtha - Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúrtha
4. Tionscail Chruthaitheacha - Éire mar Lárionad Sármhaithis Chruthaithigh
5. Cáil Dhomhanda - Náisiún Cruthaitheach agus Cultúrtha

Tugadh díreach faoi €1 mhilliún (díreach os cionn €32,000 do gach údarás áitiúil) as an gciste i gcomhair Cholún a Dó chun tacú le tionscnaimh pobal áitiúil a sheachadtar trí na húdaráis áitiúla agus chun tacú le cur chun feidhme Straitéis Chultúrtha agus Chruthaitheachta gach údaráis áitiúil. Iarradh ar na húdaráis áitiúla na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- rannpháirtíocht pobal áitiúil ina bPlean Gníomhaíochta Cultúir agus Cruthaitheachta a éascú an oiread agus is féidir.
- tacaíocht a thabhairt do thionscadail/imeachtaí cultúrtha áitiúla éagsúla
- a chinntiú go mbeidh na himeachtaí/tionscadail ar fad uilechuimsitheach, cuí, measúil, agus go mbeidh daoine ó gach aois agus ó gach cúlra páirteach iontu
- a chinntiú go mbeidh na himeachtaí/tionscadail indéanta agus gur féidir iad a chur i gcrích go rathúil laistigh den tréimhse ama, agus
- a chinntiú go mbeidh na himeachtaí/tionscadail ina luach ar airgead agus go mbainfear úsáid éifeachtúil as an maoiniú ar fad agus nach úsáidfear é ach i gcomhréir le cuspóirí an imeachta/tionscadail.

Ba faoi gach údarás áitiúil a bhí sé cinneadh a dhéanamh faoi roghnúchán na n-imeachtaí agus na dtionscadal amhail ealaín do pháistí, tacú le tionscadail staire áitiúla, cartlanna digiteacha de ghrianghraif áitiúla a chruthú agus tacaíocht do ranganna damhsa traidisiúnta agus Gaeilge le haghaidh maoiniú faoin gClár Éire Chruthaitheach, i gcomhréir le critéir roghnúcháin réamhshocraithe, a ceapadh chun úsáid as an maoiniú atá ar fáil a uasmhéadú. Maoiníodh os cionn 1,300 imeacht agus tionscnamh ar fud na tíre faoi Cholún a Dó in 2018.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

9. Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála[1]

Léiríonn an caiteachas sin:

- An costas a bhaineann le daoine ó na húdaráis áitiúla a bheith ar iasacht leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála chun oibriú ar thograí a bhfuil tús áite faighte acu. Is bealach lárnach atá éifeachtúil ó thaobh costais í an tsamhail chomhoibrithe sin chun an t-eolas agus an taithí atá ag cleachtóirí san earnáil údarás áitiúil a chothú ar mhaithe le beartais a chur i bhfeidhm. Feictear gur rud riachtanach agus iomchuí é an socrú sin a leathnú ionas go mbeidh lucht pearsanra sheirbhís dóiteáin na n-údarás áitiúil i gceannas ar chéim chur chun feidhme tograí móra tábhachtacha.
- Maoiniú i gcomhair chur chun feidhme inniúlachtaí na hOllstórála Sonraí i measc Údarás Dóiteáin chun éascú do bhainistiú chomhsheasmhach doiciméad agus anailís sonraí ar bhonn náisiúnta i limistéir an Tionscadail um Bainistiú Móréigeandálaí agus Ctrí (Ceannsaíocht, Rialú agus Cumarsáid na Seirbhíse Dóiteáin)
- Maoiniú i gcomhair pleanáil náisiúnta theagmhasach éigeandálaí.

[1] Cuireadh maoiniú ar fáil freisin d'údaráis neamháitiúla faoin teideal seo in 2018 (féach Nóta 16).

10. Tacaíochtaí d'Imeachtaí Idirnáisiúnta

In 2018 d'óstáil Comhairle Cathrach Chorcaí comhdháil idirnáisiúnta UNESCO maidir le cathracha ag foghlaim. Sholáthair an chomhdháil ardán le haghaidh malartú an dea-chleachtais maidir le tógáil cathracha ag foghlaim i measc na 512 toscaire ar cuairt ó 80 tír.

11. Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin

Comhpháirtíocht straitéiseach is ea an Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin ina bhfuil Príomhfheidhmeannaigh as Cumann Phríomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil, Tuaisceart Éireann (SOLACE TÉ) agus cúigear as an Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC). Bunaíodh an Fóram chun cuir chuige straitéiseacha inbhuanaithe maidir le comhar trasteorann a spreagadh agus caidreamh idir a bhaill a cheapadh ar bhonn foirmiúil.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

12. Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

Léiríonn sé sin an caiteachas dearbhaithe a tabhaíodh i ndáil le tionscadail a bhaineann leis an gclár oibre éifeachtúlachta agus athchóirithe sa rialtas áitiúil chomh maith le clár na Seirbhíse Poiblí i gcoitinne. Tacaíonn sé le tionscadail ina spreagtar an nuálaíocht agus ina gcuirtear chun cinn éifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú agus i seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil, agus tacaíonn sé le bunú seachadadh seirbhíse comhroinnte i measc na n-údarás áitiúil. Déantar iad sin a sheachadadh trí Oifig Bainistíochta Tionscadal na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Is é ról na hOifige Bainistíochta Tionscadal tacaíocht agus treoir a thabhairt i gcomhair Clár inchreidte agus láidir Seirbhíse Comhroinnte agus Athchóirithe a sholáthar. Baintear é sin amach trína chinntiú go rachaidh aon tionscadal um Thionscnamh Seirbhíse Comhroinnte agus Athchóirithe ar aghaidh trí mhodheolaíocht na hOifige Bainistíochta Tionscadal i gceart, go dtabharfar cuidiú, tacaíocht agus teimpléid don fhoireann tionscadal agus don bhord tionscadal tríd an Doiciméad um Thionscnamh Tionscadail, forbairt Cáis Ghnó, Athbhreithniú Piaraí, Tairiscint, Meastóireacht agus an próiseas dámhachtana. Leathnaíodh an seachadadh seirbhíse ó roinnt de na samhlacha comhroinnte sin chun codanna eile den earnáil phoiblí a chur san áireamh amhail oideachas (soláthar) agus an comhshaol (oifigí um athrú aeráide). Baineann maoiniú na Roinne le céimeanna straitéiseacha, forbartha agus cur chun feidhme na dtionscadal. Nuair a bheidh an cur chun feidhme déanta go hiomlán táthar ag súil go dtiocfaidh an maoiniú ón earnáil Rialtais Áitiúil féin.

13. Riaradh an Mhuirir Theaghlaigh

Is í an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a bhainistíonn Ionad Tacaíochta an Mhuirir Theaghlaigh. Tá ceangal dlí ar an Ionad leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil i ndáil leis an Muirear Teaghlaigh thar ceann na n-údarás áitiúil. Costais foirne, costais TF, costais bhaincéireachta agus forchostais riaracháin den chuid is mó ab ea na costais iomlána maidir le riarachán an Mhuirir Theaghlaigh a thabhaigh an Ghníomhaireacht in 2018.

14. Gréasán na nOifigeach Rochtana

Léiríonn sé seo íocaíocht a rinneadh leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir le maoiniú le haghaidh ‘Ghréasán na nOifigeach Rochtana’ tiomanta a dhéanann monatóireacht ar obair na n-údarás áitiúil agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht um Míchumas agus an dea-chleachtas atá ann faoi láthair.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

15. Coiste na Réigiún (Aonad Gnóthaí AE)

Cuireadh maoiniú €0.26 milliún (€0.23 milliún in 2017) ar fáil in 2018 le haghaidh Toscaireacht na hÉireann do Choiste na Réigiún (CER) a sheirbhísiú, arna riaradh ag Aonad Gnóthaí AE atá bunaithe i dTionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre. Tá oifigí agus foireann ag Aonad Gnóthaí AE i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil agus tacaíonn sé le toscaireacht na hÉireann le leasanna rialtais áitiúil agus réigiúnaigh ar CER. Is tionól AE an CER a bunaíodh faoi chonradh agus a bhfuil feidhmeanna faoi leith aige laistigh de struchtúir reachtacha níos forleithne AE, agus tá sé comhdhéanta de thoscairí as 28 ballstát AE. Déanann sé ionadaíocht ar son an rialtais áitiúil agus réigiúnaigh i bpróiseas an AE maidir le cinnteoireacht.

16. Míreanna ilghnéitheacha

Cuirtear maoiniú ar fáil freisin chun cabhrú leis na costais a bhaineann le tionscadail eile mar seo a leanas a íoc:

	2018 €	2017 €
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	138,773	86,949
Seirbhísí Dóiteáin[1]	116,161	148,168
Tionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla	75,000	75,000
Mná le haghaidh Toghcháin	62,295	-
Foireann Earcaíochta ÚÁ PAS	47,449	-
Táillí Bainc	25,125	-
Costais Teorann an Rialtais Áitiúil[2]	13,937	115,445
Iomlán	**478,740**	**425,562**

[1]Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do na húdaráis áitiúla faoin teideal seo, (féach Nóta 9).

[2]Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do na húdaráis áitiúla faoin teideal seo, (féach Nóta 7).

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

17. Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite

I gcomhréir le hAlt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú le hAlt 54 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017), i ngach bliain airgeadais ag tosú leis an mbliain 2018, íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an cháin mhaoine áitiúil isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear ús nó pionóis ar bith ann) a gheobhaidh siad le linn na bliana sin. Léiríonn an figiúr sin (€104,137) méid an LPT a bhí fós le híoc leis an LGF ó na Coimisinéirí Ioncaim amhail an 31 Nollaig 2018.

18. Creidiúnaithe Éagsúla

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhraithe mar seo a leanas:

	2018 €	2017 €
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	416,689	746,626
Coiste na Réigiún	256,090	229,008
Riaradh an Mhuirir Theaghlaigh	55,926	46,870
Íocaíocht dlite leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le 2018	21,721	27,706
Costais Teorann an Rialtais Áitiúil	13,390	23,042
Táillí Bainc	4,929	-
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	1,378	-
Iomlán	**770,123**	**1,073,252**

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais
An Ciste Rialtais Áitiúil

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil a d'ullmhaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- na beartais chuntasaíochta
- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara.

Is í mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais léiriú ceart

- ar na hidirbhearta ar an gCiste Rialtais Áitiúil i gcomhair 2018, agus
- ar iarmhéid an Chiste amhail an 31 Nollaig 2018.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn agus chomhlíon mé m'fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Creidim gur leor agus gurb iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais agus ar chúrsaí eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar m'fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus Mc Carthy.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 **Meitheamh 2019**

Aguisín leis an Tuarascáil

Freagrachtaí na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid atá sonraithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i gcomhréir le halt 3 den Acht Rialtas Áitiúil 1998 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais

.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míráitis ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na hISAnna. D'fhéadfadh míráitis teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na hISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus arb iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míráiteas ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn maidir le, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas maidir rialú inmheánach airgeadais atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dhearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na hISAnna an ráiteas maidir rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn é sin a dhéanamh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis ann neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míráite go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanaim tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim

- Mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- mura dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

tithiocht.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland